Gaelscoil

Uí Néill

Fáilte go Rang 1

An Lá Scoile

8.45 a.m.	Osclaítear geataí
9.00 a.m.	Cuirtear tús leis an scoil
10.30 – 10.45 a.m.	Sos na maidine
12.00 - 12.40 p.m.	Sos lóin
1.45 p.m.	Deireadh lá scoile do R1/R2
2.45 p.m.	Deireadh lá scoile do R3-R7

Ag fágáil agus ag tógáil páistí

Ag tús an lae, fág do pháiste le do thoil leis an mhúinteoir ar dualgas ar maidin a bhíonn sa chlós ó 8.45 a.m. Ag deireadh an lae, fán taobh amuigh den seomra ranga go dtí go dtugann an múinteoir ranga na páistí amach as an seomra ranga.

Am Sosa

Tá polasaí itheacháin shláintiúil i bhfeidhm sa scoil, a fhágann nach bhfuil cead ag na páistí seacláid nó brioscáin phrátaí bheith acu don smailc ag am sosa. Spreagtar na páistí chun torthaí a ithe ag am sosa agus ag am lóin agus bíonn cead ag gach páiste uisce a ól le linn an lae.

Sábháilteacht Bóithre sa Scoil

Tá córas aontreo sa scoil do charranna na dtuismitheoirí ar maidin agus sa tráthnóna. Iarrtar ar thuismitheoirí tiomáint isteach trí na geata dubha agus tiomáint amach trí phríomhgheataí na scoile. Iarrtar ar thuismitheoirí a luas a choinneáil a laghad is féidir agus iad ag tiomáint ar thalamh na scoile.

The School Day

8.45 a.m.	Gates Open
9.00 a.m.	School begins
10.30 – 10.45 a.m.	Morning Break
12.00 - 12.40 p.m.	Lunch Break
1.45 p.m.	Day ends for P1/P2
2.45 p.m.	Day ends for P3-7

Dropping off and Picking Up

At the beginning of the day, please leave your child with the teacher on duty in the morning who will be in the yard from 8.45 a.m. At the end of the day, please wait outside the classroom until the class teacher brings the children out of the classroom.

Break Time

The school has a healthy eating policy, which means that the pupils are not allowed to eat chocolate or crisps for their break-time snack. Pupils are encouraged to eat fruit at both break-time and lunch-time and all pupils are permitted to drink water throughout the day. All pupils should bring a piece of fruit and a bottle of water every day for break.

Road Safety in School

The school has a one-way system for the parents' cars in the morning and in the afternoon. Parents are asked to drive in through the black gates and drive out through the main school gates. We ask parents to keep their speed to an absolute minimum while driving on the school grounds.

Éide Scoile

Is é éide scoile Ghaelscoil Uí Néill:

- geansaí dearg le meirge na scoile;
- T-léine bhán le bóna uirthi;
- briste nó sciorta dubh nó liath; agus
- brógaí dubha.

Tá an éide scoile ar fail ó Uimh. 5, The Lineside, Oileán an Ghuail.

Scríobhtar ainm do pháiste ar gach ball éadaí, an cóta san áireamh.

Corpoideachas

Mar chuid den Churaclam Athbhreithnithe, déanfar Scileanna Bunghluaiseachta a theagasc do dhaltaí. Is é trealamh chorpoideachais Ghaelscoil Uí Néill - T-léine,bríste gairide agus bróga canbháis bonnrubair. Is fusa i bhfad do pháistí bróga a tharraingítear ar chosa a láimhseáil agus ní cheadaítear bróga le hiallacha.Déantar cinnte le do thoil go bhfuil ainm do pháiste scríofa ar a gcuid trealaimh.

Teanga

Mar Ghaelscoil, labhróidh an fhoireann mhúinteoireachta le do pháiste i nGaeilge. Is tábhachtach é fosta go gcluineann do pháiste Gaeilge taobh amuigh den scoil, ó thuismitheoirí, ó dheartháireacha agus ó dheirfiúracha, ó bhaill eile teaghlaigh, nó go fiú ar an teilifís (TG4). Labhair cibé Gaeilge atá agat le do pháiste, agus tá sé chomh tábhachtach céanna go labhraíonn tú Béarla a mhinice is féidir. Is scoil dhátheangach Gaelscoil Uí Néill agus cuireann sí béim ar an Ghaeilge agus ar an Bhéarla agus, cé nach bhfaigheann na daltaí teagasc foirmiúil i mBéarla go dtí Rang 3, agus spreagaimid páistí chun Gaeilge a labhairt a mhéad is féidir sa bhaile.

Uniform

Gaelscoil Uí Néill's uniform is as follows:

- red jumper with school crest;
- white T-shirt with collar;
- black/ grey trousers or skirt; and
- back shoes

The uniform is available from No. 5, The Lineside, Coalisland.

Please write your child's name on all items of clothing, including his/her coat.

Physical Education

As part of the Revised Curriculium, the pupils will receive instruction in Fundamental Movement Skills. The P.E. kit consists of a T-shirt, shorts and plimsolls. Pull on plimsolls are the easiest for the children to manage and plimsolls with laces are nor permitted. Please ensure that your child's name is written on his/her P.E. kit.

Language

As an Irish-medium school, all teaching staff will speak solely in Irish to your child. It is also important that your child also hears Irish outside school, from parents, siblings or other family members, or even on the TV (TG4). Use whatever Irish you have with your child, but it is equally important that you also speak to your child in English as much as possible. Gaelscoil Uí Néill is a bilingual school and stresses the development of both Irish and English and, while the pupils will not receive formal instruction in English until Primary 3, we therefore encourage children to speak as much English as possible at home.

Tinneas

Má tá tinneas, fadhbanna sláinte nó ailéirgí ar do pháiste cuir in iúl don mhúinteoir le do thoil. Nílimid ag iarraidh neamhláithreachas a spreagadh ach san am céanna ná cuir do pháiste chun na scoile má tá siad tinn. Má thagann tinneas ar do pháiste le linn an lae, is éigeantach go bhfuil na sonraí teagmhála tugtha don scoil ar eagla gur ghá dúinn dul i dteagmháil leat.

Béilí

Ceannaítear béilí scoile ó scoil máguaird. Is féidir le hairgead dinnéir a thabhairt ar bhonn laethúil nó ar bhonn seachtainiúil. Is é £2.20 an praghas (Is féidir go n-athróidh sé seo). Má shíleann tú go bhfuil tú i dteideal Béilí Saora Scoile is féidir foirm a fháil ó oifig na scoile. Is féidir le páistí lón pacáilte a thabhairt isteach chun na scoile, ba chóir a leithéid a choinneáil scartha ó leabhair scoile ar eagla go mbeadh sileadh ann.

Smacht Scoile

Tá sé de rún ag rialacha ranga, scoile agus clóis bealach chun sábháilteacht agus ord a chinntiú agus timpeallacht a chinntiú inar féidir le foghlaim tarlú. Táthar ag dúil, i nGaelscoil Uí Neill, go bhfuil iompar freagrach ag na páistí dóibh féin agus do pháistí eile, trí mheas, chúirtéis agus múineadh a léiriú le daoine eile i gcónaí.

Sonraí Teagmhála

104 Bóthar Cois Locha,
Cluain Eo,
Oileán an Ghuail,
Tír Eoghain.
BT71 4PU
Guthán: 028 87749178

Illness

If your child has any illness, health problems or allergies please inform the teacher. While not encouraging absenteeism, please do not send your child to school if he/she is sick. If your child becomes sick during the day, it is essential that you have given contact details to the school in case we need to contact you.

Meals

School meals are brought in from a local school. Dinner money can be paid on a daily or a weekly basis. The price is £2.20 (subject to change). If you think you are eligible for Free School Meals you can obtain a form from the school office. Children may also take a packed lunch to school, this should be kept separate from school books in case of spillage.

School Discipline

The classroom, school and playground rules are intended as a means of ensuring order and safety and an environment in which learning can take place. In Gaelscoil Uí Néill, all pupils are expected to behave in a responsible manner both to themselves and others, showing consideration, courtesy and respect for others at all times.

Contact Details

104 Washingbay Road,
Clonoe,
Coalisland,
Tyrone.
BT71 4PU
Phone: 028 87749178

Dóigheanna le cuidiú le do pháiste

- Léigh le do phaiste a mhinice is féidir, i mBéarla nó i nGaeilge.
- Bain lánúsáid as an leabharlann áitiúil.
- Déan aithris ar rannta páistí agus spreag do pháiste chun iad a fhoghlaim de ghlanmheabhair.
- Déan aithris ar an aibítir le do phaiste.
- Amharc ar an teilifís le do pháiste agus pléigh na rudaí a tharlaíonn ar na cláir a bhfuil dúil ag do pháiste ann ina dhiaidh.
- Spreag do pháiste chun scríobh agus tarraingt a mhéad is féidir. Glacann sé tamall fada do pháiste bheith compordach le peann luaidhe. Spreag do pháiste chun a n-ainm a scríobh a mhinice is féidir. Úsáid ceannlitir i gcónaí ag tús ainmneacha, ba chóir an chuid eile bheith sa chás beag.
- Déan iarracht lena chinntiú go dtéann do pháiste a chodladh go luath. Bíonn deacrachtaí ag páistí codlatacha foghlaim agus ní bhaineann siad sult as an scoil.
- Is tábhachtach amach an súgradh d'oideachas páistí óga. Forbraíonn an súgradh samhlaíocht, scileanna gluaiseachta agus láimhsithe chomh maith.
- Labhair le do phaiste faoi gach rud. Aimsigh focail shimplí agus uimhreacha sa timpeallacht agus pléigh iad le do pháiste.
- Spreag do pháiste chun cuidiú sa teach, le soithí a ní, leis an ghlantachán, agus le cócaireacht atá simplí agus sábháilte.
- Tabhair do pháiste ag siopadóireacht leat agus spreag do pháiste chun earraí siopadóireacht a chur sna cófraí. Is í an tsórtáil an scil mhatamaitice is tábhachtaí sa chéad dá bhliain san oideachas.
- Spreag do pháiste éadaí a chur air nó uirthi nó a bhaint de nó di go neamhspleách toisc gur gá a leithéid a dhéanamh don chorpoideachas.
- Cinntigh gur féidir le do pháiste an cóta a bhaint agus a chur orthu.

Ways to Help Your Child

- Read to your child as often as possible, either in English or in Irish.
- Make full use of the local library.
- Recite nursery rhymes to your child and encourage him/her to learn them by heart.
- Recite the alphabet to him/her.
- Watch TV with your child and discuss what happens on the shows he/she likes afterwards.
- Encourage him/her to write and draw as much as possible. It takes a long time for a child to become comfortable with a pencil. Encourage your child to write his/her name as often as possible. Please only use a capital letter at beginning of name, the rest should be lower case.
- Try to ensure that your child goes to bed early. Sleepy children find it difficult to learn and don't enjoy school.
- Play is very important for the education of young children. Play develops imagination as well as movement and manipulation skills.
- Talk to your child about everything. Look for simple words and numbers in the environment and discuss these with your child.
- Let your chid help around the house, with the washing up, tidying up or with simple and safe cookery acts.
- Bring your child shopping with you and let him/her help with putting the shopping away. Sorting is the most important mathematical skill in the first two years of education.
- Encourage your child to dress/undress independently as he/she will need to do this in PE
- Ensure that your child can put on/take off his/her coat.